Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann

Achoimre ar Fhiosrúchán Téamach Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann maidir le Drochíde Bhaile



Achoimre ar Fhiosrúchán Téamach Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann maidir le Drochíde Bhaile

Is fadhb thromchúiseach eindéimeach í drochíde bhaile i dTuaisceart Éireann a bhfuil tionchar millteach aici ar na híospartaigh, ar a gcuid leanaí agus ar bhaill eile den teaghlach. Rachaidh drochíde bhaile i bhfeidhm ar thart ar bhean amháin as ceathrar le linn a saoil agus bíonn leanaí ag fulaingt go háirithe de bharr na drochíde baile ina dteaghlach féin.[1]

Freagraíonn Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann (SPTÉ) do theagmhas baile, ar an meán, gach 23 nóiméad de gach lá. Rinneadh 25 dúnmharú a thaifead in 2007/2008, agus is cúrsaí baile a spreag 11 díobh. Is é sin le rá gur cúrsaí baile a spreag 44% de na dúnmharuithe ar fad sa tréimhse sin. Thit líon na dteagmhas de dhrochíde bhaile a tuairiscíodh beagán idir 2006/2007 agus 2007/2008 (ó 23,456 go 23,076). Rinne an Líne Chabhrach 24 Uaire um Fhoréigean Baile 24,153 glao a bhainistiú áfach.[2] Tháinig laghdú ar líon na gcoireanna a taifeadadh, is iad sin coireanna iondíotáilte nó coireanna is intriailte ar cheachtar den dá bhealach[3], ar chúrsaí baile a spreag iad sa

1. Mheas taighde de chuid UNICEF a foilsíodh in 2006 go raibh tionchar á imirt ag drochíde bhaile ar 32,000 leanaí agus daoine óga.

2. Staitisticí curtha ar fáil ag Cónaidhm Ghrúpaí Cúnta na mBan.

3. Is éard is cionta iondíotáilte ná na coireanna níos tromchúisí sin a ndéantar a thriail ar díotáil i gCúirt na Corónach. Is éard is cionta is intriailte ar cheachtar den dá bhealach ná na cionta sin a ndéantar a thriail, i gcúinsí áirithe, go hachomair i gCúirt Dúiche nó ar díotáil i gCúirt na Corónach. Ní dhéanfar coir a thaifead mar thoradh ar gach teagmhas baile.

tréimhse sin (ó 10,115 go 9,283). De réir na staitisticí is déanaí, a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Aibreán 2008 go dtí an 30 Samhain 2008, tháinig laghdú ar choireanna le spreagadh baile de 3.3% i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2007/2008.[4] Rangaíodh níos mó ná dhá thrian de na coireanna sin a raibh spreagadh baile acu[5] mar choireanna foréigneacha in 2007/2008 áfach.

Mar chuid dá dhualgas leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúlacht SPTÉ leis an Acht um Chearta an Duine 1998 agus chun póilíneacht chothrom, éifeachtach, éifeachtúlach a chinntiú do gach duine i dTuaisceart Éireann, thug Coiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla de chuid Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an Coiste) faoi fhiosrúchán téamach ar chur chuige SPTÉ maidir le dul i ngleic le drochíde bhaile. Rinne an fiosrúchán na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith le drogall a bheith ar íospartaigh teagmhais a thuairisciú a mheas agus táthar ag súil leis go ndéanfaidh sé feasacht an phobail maidir le drochíde bhaile a ardú agus aghaidh a thabhairt ar an dearcadh ina leith. Dhírigh an fiosrúchán ar dhrochíde bhaile ag duine amháin in aghaidh duine eile atá nó a bhíodh i ndlúthchaidreamh beag beann ar inscne nó ar ghnéasacht.

4. Staitisticí maidir le coireanna agus teagmhais le spreagadh baile SPTÉ 1 Aibreán - 30 Samhain 2008

5. A shainmhínítear mar "theagmhas ar bith d'iompar bagarthach, d'fhoréigean nó de dhrochíde (shíceolaíoch, fhisiciúil, ghnéasach, airgeadais nó mhothúchánach) ag ball amháin den teaghlach in aghaidh ball eile nó daoine fásta atá nó a bhíodh ina ndlúthpháirtithe, beag beann ar inscne, agus cibé ar tharla coir nó nár tharla", Tuarascáil Staitistiúil SPTÉ Uimh. 2 *Domestic Incidents and Crimes*, 1 Aibreán 2007 - 31 Márta 2008

Tá an Coiste tiomanta do aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a tháinig chun cinn agus do mhonatóireacht a dhéanamh ar fhreagairt SPTÉ ó thaobh dul i ngleic le drochíde bhaile. Fillfear ar an gceist go rialta. Is mór ag an gCoiste mar sin ionchur leanúnach na n-earnálacha reachtúla agus deonacha chun dul i ngleic leis an gceist go réamhghníomhach, agus í mar aidhm ar deireadh drochíde bhaile a chomhrac.

Tá súil ag an gCoiste go gcuirfidh an fiosrúchán téamach seo leis an bplé i measc na bpáirtithe leasmhara a bhfuil comhchuspóir acu ar fad: drochíde bhaile de gach cineál a chomhrac. Creidimid go bhfuil SPTÉ ag déanamh a cuid agus go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta aici go dtí seo. Cé gur ábhar misnigh agus áthais dúinn an dul chun cinn atá déanta, caithfidh SPTÉ iarracht leanúnach a dhéanamh chun íospartaigh a spreagadh chun teagmhais a thuairisciú agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh agus iad ag glacadh páirte sa chóras ceartais choiriúil.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna a ndearnadh a mheas san fhiosrúchán seo:

- Drochíde bhaile a aithint
- Oifigigh um dhrochíde bhaile
- Tuairiscí faoi dhrochíde bhaile
- Foirne na chéad freagróirí
- Atreorú chuig gníomhaireachtaí tacaíochta
- Drochíde bhaile a fhiosrú
- Íospartaigh ar leanaí iad
- Íospartaigh ar mionlaigh iad
- Teagmhais bhaile a bhfuil baint ag póilíní leo

- Aonaid cosanta poiblí
- Oiliúint
- Beartais SPTÉ i leith na dteagmhas baile
- Ionchúisimh
- Tionscnaimh Rialtais

Moltaí

1. Do gach teagmhas a ndéantar a thuairisciú, ba chóir do SPTÉ na nithe seo a leanas a thaifead: inscne an íospartaigh agus déantóir na coire, an gaol idir an t-íospartach agus déantóir na coire, eitneachas an íospartaigh agus dhéantóir na coire agus cibé an duine fásta nó leanbh é nó í an t-íospartach. Ba chóir na staitisticí imdhealaithe a bheith istigh leis na staitisticí coireachta as sin amach.

2. Ba chóir do SPTÉ taifead ar leithligh a dhéanamh ar na teagmhais ar fad a thuairiscítear agus ar na coireanna a thuairiscítear de shárú ar orduithe neamh-ainteagmhála agus ar na rátaí réitigh ceada agus neamhcheada.

3. Ba chóir do SPTÉ measúnú a dhéanamh arís ar an inmhianaitheacht a bhaineann le sainoifigeach um dhrochíde bhaile a bheith ar fáil do gach foireann de chéad freagróirí a bhíonn ag déileáil le tuairisc um dhrochíde bhaile.

4. Ba chóir do SPTÉ measúnú a dhéanamh an leor líon na n-oifigeach um dhrochíde bhaile i ngach Dúiche chun a riachtanais ó thaobh na drochíde baile de a chomhlíonadh agus go háirithe ar chóir soláthar a dhéanamh le go mbeidh oifigeach um dhrochíde bhaile ar fáil do gach seal. Ba chóir do SPTÉ tuairisc a thabhairt don Choiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla maidir le toradh a mheasúnaithe laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála seo.

5. Ba chóir do SPTÉ clár oiliúna a cheapadh a chinnteoidh go dtabharfar sainoiliúint chun freagairt ar dhrochíde bhaile do na hoifigigh (lena n-áirítear oifigigh maoirseachta) agus do na baill foirne póilíneachta ar fad a ghlacann le tuairiscí drochíde baile nó a d'fhéadfadh glacadh leo.

6. Ba chóir do SPTÉ meicníocht a cheapadh chun glaonna éigeandála a shampláil go randamach i gcoinne beartas agus nósanna imeachta agus tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Choiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla ar a hanailís ar an gcleachtadh samplála. Ba chóir an chéad tuarascáil seo a sholáthar don Choiste faoin 31 Márta 2010.

7. Ba chóir do SPTÉ clár oiliúna a cheapadh a chinnteoidh go bhfuil comhoiliúint faighte ag na hoifigigh ar fad i ngach Aonad Cosanta Poiblí maidir le gach gné dá gcuid róil faoi seach nó go bhfaighidh siad é. Ba chóir an

clár sin a chur ar fáil don Choiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála seo.

8. Ba chóir do SPTÉ na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn de bharr úsáid a bhaint as an gcóras NICHE laistigh de 12 sheachtain ó fhoilsiú na tuarascála agus a chinntiú ina dhiaidh sin go bhfuil oiliúint athnuachana dhóthanach faighte ag na hoifigigh um dhrochíde bhaile ar fad atá ag úsáid an chórais chun bainistiú agus úsáid níos fearr a bhaint as. Ba chóir do SPTÉ an dearbhú sin a sholáthar don Choiste laistigh de 12 mhí ó fhoilsiú na tuarascála seo.

9. Ba chóir go dtabharfadh gach maoirseoir ar Aonad Cosanta Poiblí SPTÉ faoi anailís ar na cinntí arna dtaifeadadh gan duine a ghabháil, gach sé mhí. Ba chóir an anailís do gach Aonad Cosanta Poiblí a sholáthar don Choiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla gach bliain.

10. Ba chóir go leanfadh SPTÉ ar aghaidh ag obair leis an gCóras Ionchúiseamh Poiblí chun Meabhrán Tuisceana a chomhaontú idir an dá eagraíocht, a leagann amach go soiléir a gcuid ról agus freagrachtaí faoi seach. Ba chóir go gcuimseodh sé seo seicliosta den fhaisnéis a theastaíonn ón gCóras Ionchúiseamh Poiblí a bheith ar fáil i gcomhad drochíde baile, lena n-áirítear go háirithe an méid atá ar fáil i ráiteas tarraingthe siar. Ba chóir do SPTÉ tuairisc a thabhairt don Choiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla ar dhul chun cinn laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála seo.

11. Ba chóir do SPTÉ a bheith ag obair leis an gCóras Ionchúiseamh Poiblí chun meicníocht chomhaontaithe a cheapadh lena féidir comhairle a iarradh agus a thabhairt do phóilín ar feadh dul chun cinn an cháis ón réamhchúiseamh go dtí an t-ionchúiseamh. Ba chóir do SPTÉ tuairisc a thabhairt don Choiste um Chearta an Duine agus Chaighdeáin Ghairmiúla laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála seo.

12. Ba chóir do SPTÉ faisnéis agus treoir a bhaineann le sainriachtanais na n-íospartach eitneach mionlaigh a chuimsiú laistigh dá Treoir Beartais 09/08 “Police Response to Domestic Incidents” (Freagra na bPóilíní ar Theagmhais Bhaile).

13. Ba chóir do SPTÉ leanúint ar aghaidh ag obair le grúpaí sainleasa don lucht Leispiach, Aerach agus Déghnéasach agus ansin plean oiliúna a cheapadh le go mbeidh ceisteanna a bhaineann leis an lucht Leispiach, Aerach agus Déghnéasach á gcumhdach laistigh de bheartais agus chláir oiliúna na bpóilíní.

14. Ba chóir do SPTÉ a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun na teagmhais drochíde baile a mharcáil i gceart nuair a chuirtear isteach ar NICHE iad agus measúnú a dhéanamh ar mheicníocht éifeachtach chun measúnú

riosca a mharcáil. Ba chóir do SPTÉ tuairisc a thabhairt don Choiste laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú na tuarascála seo.

Níl sé i gceist leis an doiciméad achoimreach seo ach forbhreathnú achomair a thabhairt. Tabhair ar aird go bhfuil an leagan iomlán den fhiosrúchán téamach ar fáil le híoslódáil ar láithreán gréasáin Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann www.nipolicingboard.org.uk

INVESTOR IN PEOPLE

Arna fhoilsiú ag Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann

Túr Thaobh an Uisce, 31 Bóthar Clarendon, Duga Clarendon, Béal Feirste, BT1 3BG.

Guthán: 028 9040 8500
Téacsfón: 028 9052 7668
Facs: 028 9040 8544
Ríomhphost:
information@nipolicingboard.org.uk
An Gréasán:
www.nipolicingboard.org.uk

Teideal na cáipéise:
Achoimre ar Fhiosrúchán Téamach Bhord Póilíneachta Thuaisceart Éireann maidir le Drochíde Bhaile.
Dáta foilsithe: Márta 2009

Is féidir an cháipéis seo a chur ar fáil i bhformáidí agus i dteangacha eile ach iarratas a dhéanamh. Caithfear gach iarratas ar fhormáidí éagsúla a chur chuig Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

Formáid ar líne:
Tá an cháipéis seo ar fáil i bhformáid PDF ónár láithreán Gréasáin

Séanadh:
Cé go ndearnadh gach iarracht lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá sa cháipéis seo cruinn beacht, ní bheidh Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann ná a chuid comhairleoirí faoi dhliteanas más rud é go bhfuil aon mhíchruinneas ann.

Dearadh: whitenoisestudios.com